

**Buateoir sa Chatagóir Shóisearach
Cainnear Nic Réamoinn
Coláiste Chroí Mhuire, An Spideal, Contae na Gaillimhe**

'Tá an Cumann Lúthchleas Gael go smior ionainn!'

Ón lá a rugadh mé bhí an Cumann Lúthchleas Gael lárnach i mo shaol. Is i mBaile Átha Cliath a saolaíodh mé ar Luan saoire bainc na Lúnasa, an lá céanna a raibh an bua ag Dún na nGall ar Ghaillimh i gcluiche ceathrú ceannais peile na hÉireann. Is as Dún na nGall do mo mháthair agus tá siad ar fad craiceáilte faoin bpeil. Tháinig mo bheirt uncal chuig an ospidéal tar éis an chluiche agus iad gléasta ó bhun go barr i ndathanna buí agus glasa Dhún na nGall. Tá pictiúr mór díomsa crochta i bhfráma sa halla tigh mo sheantuismitheoirí i nGaoth Dobhair, is gan mé ach cúpla uair an chloig saolaithe, gléasta i ngeansaí Dhún na nGall agus mo chlann ar fad ar thaobh mo mháthar, gléasta in ór agus glas chomh maith!

Bhog mise agus mo chlann go Conamara nuair a bhí mé dhá bhliain d'aois. Ní raibh ann ach mise agus mo thuismitheoirí go dtí gur tháinig mo thriúr deartháir ar an saol níos deireanaí, ach ba léir go raibh sé d'aidhm acu mise a chur soir chuile lá ón lá a saolaíodh iad! Ní raibh aithne againn ar mhórán daoine nuair a d'aistrigh muid as Baile Átha Cliath ach de réir mar a d'fhás mé féin agus mo dheartháireacha aníos, chuir muid aithne ar chairde nua tríd an scoil agus go háirithe tríd an gCumann Lúthchleas Gael áitiúil. Tugann an Cumann daoine le chéile tríd thraenáil, chluichí agus ócáidí cheiliúrtha, agus murach an t-am ar fad a chaithimse agus mo chlann ag dul chuig na himeachtaí sin ar fad, ní bheadh leath an aithne ná an spraoi agam leis na dlúthchairde ar chuir mé aithne orthu tríd na blianta, agus a n-airím go bhfuil aithne agam orthu ón lá a rugadh mé.

Tá an tádorm a bheith in ann a rá gur iomaí lá breá gréine agus lá lofa báistí atá caite agam i bPáirc an Chrócaigh ó bhí mé i mo chailín beag. Aon lá a mbíonn cluiche iomána ar bith de chuid na Gaillimhe ar siúl, bímse agus mo chlann ann. Tiomáineann muid suas go luath maidin Dé Domhnaigh, itheann muid bricfeasta breá mór sa mbialann chéanna ar Shráid Uí Chonaill gach uair, téann muid isteach chuig an gcluiche agus tagann muid amach arís agus ár nglórtha cailte againn ó bheith ag béicíl, is cuma cé acu an mbuann nó an gcailleann Gaillimh. Bíonn muid ar ais arís sa mbaile in am don 'Sunday Game.' Is cuimhin liom go maith agus muid beag, mise agus mo dheartháireacha ag teacht amach as Páirc an Chrócaigh agus muid gléasta go hiomlán sa marún agus bán, muid ag creathadh leis an bhfuacht agus muid ag caoineadh is ag geonaíl mar gur chaill Gaillimh. Sin nó ag rith is ag pocléimneach le háthas an bealach uilig ar ais chuig an gcarr mar gur bhuaigh muid.

Mar gheall gur as Cill Chainnigh do m'athair, is iomaí lá a ndeachaigh muid go Páirc an Chrócaigh fiú nuair nach raibh Gaillimh ag imirt. Tá pictiúr mór crochta os cionn na tine sa mbaile díomsa agus mo dheartháireacha ag cluiche leathcheannais na hÉireann i 2014, nuair a d'imir Cill Chainnigh in aghaidh Luimnigh. Sa bpictiúr tá mise agus mo dheartháireacha suite go bródúil thuas in Ardán Uí Ógáin agus léinte na Gaillimhe ar an gceathrar againn agus na sluaite thart orainn ag caitheamh dhathanna Luimnigh nó Chill Chainnigh.

Tá an-suim go deo sa spórt ag chuile dhuine i mo chlann agus imríonn muid ar fad don chumann áitiúil. Ach tá bua ar leith, agus bhí ón lá a rugadh é ag mo dheartháir, an dara duine is óige sa gclann. Bhí sé in ann sliotar a bhualadh sula raibh sé in ann siúl i gceart agus in

ann poc sleasa a chur thar an trasnán sula raibh léamh ná scríobh aige. Go dtí an lá inniu agus é anois deich mbliana d'aois, níl rud ar bith níos tábhachtaí ina shaol ná an iomáint. Caitheann sé chuile nóiméad saor dá bhfuil aige fiú agus é ina ghála, taobh amuigh ag cleachtadh. Tá fhios ag an saol Fódhlach go gcaitheann sé níos mó ama lena chamán agus lena shliotar ná a chaitheann sé le haon rud ná aon duine eile! Is fada liom go dtiocfaidh an lá go n-ardóidh sé Corn Liam Mhic Cárthaigh go hard san aer ar shon mhuintir na Gaillimhe uilig!

Tá súil agam go mairfidh Cumann Lúthchleas Gael na mílte bliain eile agus go ndéanfar dul chun cinn agus forbairt sa spórt do na glúnta atá romhainn. Is rud iontach é an spórt do dhuine ar bith agus beidh mé buíoch go deo as na deiseanna, na cairdis agus as na ceachtanna a fhoghlaimím ón spórt chuile lá.